# Aide-mémoire – Cúnamh Dlíthiúil (caingne díreacha)

## Meán Fómhair 2024

Is treoir phraiticiúil neamh-uileghabhálach é an doiciméad seo, arna ullmhú ag Clárlann na Cúirte Ginearálta, atá beartaithe chun cúnamh a thabhairt d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, bíodh ionadaíocht ó dhlíodóir aige nó ná bíodh, a bhfuil sé beartaithe aige iarratas a dhéanamh ar chúnamh dlíthiúil chun caingean dhíreach[1] a thabhairt os comhair na Cúirte Ginearálta nó mar chuid de chaingean dhíreach ina bhfuil sé ina pháirtí sna himeachtaí sin. Iarrtar ar an duine sin, agus ar a ionadaí, féachaint ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta agus ar na Rialacha Cleachtais maidir le cur i bhfeidhm Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, téacsanna barántúla, d'aon fhaisnéis faoi na Rialacha Nós Imeachta, agus don fhaisnéis atá san fhoirm le haghaidh cúnamh dlíthiúil – caingne díreacha.

[1] Sainmhínítear an téarma "caingne díreacha" in Airteagal 1(2)(j) de na Rialacha Nós Imeachta mar "na caingne go léir is féidir a thaisceadh sa Chúirt Ghinearálta, cé is moite d'iarrataí ar réamhrialú".

## FAISNÉIS GHINEARÁLTA

☐ **Ionadaíocht:** murab ionann agus an chaingean, nach mór do dhlíodóir atá ag dhéanamh ionadaíocht ar son an iarratasóra í a thaisceadh, **is féidir iarratas ar chúnamh dlíthiúil a chur isteach le cúnamh ó dhlíodóir nó gan chúnamh ó dhlíodóir.**

☐ **Réamhchoinníollacha:**

**Dlínse na Cúirte Ginearálta**

**Ní féidir cúnamh dlíthiúil a dheonú más léir nach bhfuil dlínse ag an gCúirt Ghinearálta** an chaingean lena n-iarrtar ar chúnamh dlíthiúil ina leith a thriail.

Go háirithe, níl dlínse ag an gCúirt Ghinearálta athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na gcinntí arna nglacadh ag na comhlachtaí seo a leanas:

— **údaráis náisiúnta** Ballstáit den Aontas Eorpach nó tríú tír ;

— **cúirteanna náisiúnta** ;

— **comhlachtaí idirnáisiúnta** lasmuigh de chóras institiúideach an Aontais Eorpaigh, amhail an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine.

**Teorainn ama chun caingne a thaisceadh**

**Ní féidir cúnamh dlíthiúil a dheonú má dhéantar an t-iarratas** roimh an gcaingean lena mbaineann sé, ach **tar éis dhul in éag teorann ama na caingne** sin

**Bunús sa dlí**

**Ní féidir cúnamh dlíthiúil a dheonú má dhealraíonn sé go bhfuil an chaingean** a bhfuil an cúnamh á lorg ina leith **do-ghlactha go follasach nó nach bhfuil aon bhunús dlí léi.**

☐ **Staid airgeadais**: Ní mór don iarratasóir ar chúnamh dlíthiúil a léiriú nach féidir leis costais na n-imeachtaí a íoc, ina n-iomláine nó i bpáirt mar gheall ar a staid airgeadais fhoriomlán, agus a ioncam, a chaipitil agus a speansais go léir á gcur san áireamh.

## FOIRM LE HAGHAIDH CÚNAMH DLÍTHIÚIL

- [ ] **Foirm le haghaidh cúnamh dlíthiúil éigeantach: ní chuirtear san áireamh iarratas** ar chúnamh dlíthiúil a dhéantar sula dtionscnaítear caingean agus fad a bhfuil sí ar feitheamh **gan an fhoirm**.

- [ ] **Faisnéis agus sonraí: ní mór an fhaisnéis uile is gá a chur san áireamh san fhoirm.** Ní féidir an t-iarratas ar chúnamh dlíthiúil a chomhlánú trí ábhar eile a thaisceadh níos déanaí.

- [ ] **Doiciméid tacaíochta:** ní mór go gcuirtear gach faisnéis agus gach doiciméid tacaíochta a bheith i dteannta leis an bhfoirm le haghaidh cúnamh dlíthiúil ionas go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar staid airgeadais an iarratasóra agus tacaíocht a thabhairt do chuspóir na gníomhaíochta beartaithe.

## AN FHOIRM LE HAGHAIDH CÚNAMH DLÍTHIÚIL A THAISCEADH

- [ ] **An t-iarratasóir féin:**

  Mura bhfuil dlíodóir ag déanamh ionadaíocht ar son an iarratasóra ar chúnamh dlíthiúil, ní mór dó an **fhoirm páipéir líonta agus sínithe go cuí, mar aon leis na doiciméid tacaíochta dá dtagraítear** a sheoladh chuig nó a thaisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta.

  Ní mór an fhoirm a bheith **sínithe de láimh ag an iarratasóir.**

- [ ] **Dlíodóir an iarratasóra:**

  Ní mór an fhoirm a chur isteach trí fheidhmchlár **e-Curia.**

## SONRAÍ BREISE

- [ ] Ní sheoltar ar ais **bunchóipeanna** na ndoiciméad tacaíochta a cuireadh isteach. Moltar cóipeanna de na doiciméid atá i gceist a chur isteach.

- [ ] **Má dhéanann an t-iarratasóir a iarratas in athuair gan é a bheith bunaithe ar eilimintí nua, ní chláraítear an t-iarratas.**

- [ ] Ní chuirtear tús leis an **teorainn ama** chun caingean a thabhairt le linn na tréimhse ina scrúdaítear an Chúirt Ghinearálta an t-iarratas ar chúnamh dlíthiúil. Cuirtear tús arís leis an teorainn ama seo tar éis an chinnidh ón gCúirt Ghinearálta maidir leis an iarratas a sheirbheáil.